# CINNEADH (AE) 2021/2232 ÓN gCOMHAIRLE

## an 14 Nollaig 2021

## lena gceaptar comhaltaí an phainéil dá bhforáiltear in Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 255, an dara mír, de,

Ag féachaint don tionscnamh ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 26 Deireadh Fómhair 2021,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 255, an chéad mhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cuireadh painéal ar bun chun tuairim a thabhairt ar oiriúnacht na n-iarrthóirí chun feidhmeanna Breithimh agus Abhcóide Ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais agus den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú sula ndéanfaidh rialtais na mBallstát na ceapacháin ("an painéal").

(2) Tá ar an bpainéal seachtar arna dtoghadh as measc iarchomhaltaí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, comhaltaí de chúirteanna uachtaracha náisiúnta agus dlíodóirí a n-aithnítear a n-inniúlacht, duine amháin a mhol Parlaimint na hEorpa ina measc.

(3) Ba cheart aird a thabhairt ar chomhaltas cóimheáite an phainéil, go háirithe a mhéid a bhaineann le dáileadh geografach na gcomhaltaí agus a mhéid a bhaineann le hionadaíocht ó chórais dhlíthiúla na mBallstát.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, comhaltaí agus Uachtarán an phainéil a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceapfar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den phainéal dá bhforáiltear in Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar feadh tréimhse 4 bliana ón 1 Márta 2022:

Allan ROSAS, Uachtarán

Frank CLARKE

Julia LAFFRANQUE

Maria Eugénia MARTINS DE NAZARÉ RIBEIRO

Barbara POŘÍZKOVÁ

Silvana SCIARRA

Vassilios SKOURIS

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Márta 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. DOVŽAN